

mheasúlacht seo gan a dhul i measúlacht iad fein. Chua. Ní féidir an geáitse meath-réabhlóideach féin a shamhalt leis an gConra anois, poblachtóir aithnid eicint dhá ainmniú, mar dhúshlán, ina uachtarán air. Le blianta anois, mar chomhartha cosanta is dóigh, is ag deasú níos gaire don fuaras is caomhantá in Fírin, Cumann Lúthchleas Gael, atá sé.

Múille ainmí i an Chomhdháil. Níor thúsáigh sí tada fós ariamh, fiú an Club Leabhar féin, ach na rudai nithrooiseach. Cuimhníonn cuid agaibh b'fhéidir ar na láinte sniúcháin a cruiníodh ón bpobal ar son na Gaeilge. Is feasach dom gur síos le fána i leithreas a tligéadh na mílte acu. Dúirt cuid againn gur leibideach an mhaise dhóibh na mórtha fáilte a chuir siad romh. Pháipéar Bán na Gaeilge nárbh fhiú do sheacht mallacht é. Tá na fáiní ag dul i lionmhaireacht ar chostas na ndaoine in aghaidh an lae — agus an Ghaeilge ag dul chun laige. Phoibligh siad i gcombar leis an gConra achainí "na ndaoine measúil" le goirid. Is é comhartha corpanta na measúlacht seo dinnéir choistí na Comhdhála sna hóstáin mhóra, aithris ar Thaca agus ar Ridirí Cholambáin nach foiair dhuit a bheith i do chomhaltá díobh le postai arda na Comhdhála a fáil. An féidir le duine ar bith rud ar bith a chur ar shon na gailleamaisíocht seo tré chéile? Breá nach gcuireann an Rialtas a iadar isteach anseo agus comhtháthú nó merger a chur i gcion orthu? Tá airgead dha chaitheamh ar oifig, ar fheisteas agus ar chóirí cath oifige, tar éis go ndéanfadh an oifig eile, ceann an Chonra. Tá airgead dhá chaitheamh ar fheadmannaigh arb é a n-aon fheidhm a bheith ag bogadaí timpeall ina scanaíl corpanta don LFM agus do námhadai eile na Gaeilge agus ina sior-ogach do shíorfhailí an Rialtais sa nGaeilge, arae gach uair a bhfeiceann Aire Rialtais duine acu ina chóirí cath, lionann a chroí lán de dhóchas agus de mhcanma, déarfa sé go bhfuil chuile shórt i saol na Gaeilge ar fheabhas agus colló sé eadra eile ar an geneá sin!

Ní dea-chosúlacht é faoin gConra. Inniu, páipéar Mhic an Bheatha a bheith moltanach go leor air le fada. An chlaiteacht is mó sa gConra, b'fhéidir, a dhoichead le aon athrú tar éis gur rud é athrú atá do-sheachanta. Mar sin féin is minice an Conra ag cur chuige ambail is dá mba rud intseachanta athrú ar bith. Is cosúla Conra na Gaeilge inniu leis an gConra a bhí ann i 1900 ná an Eaglais Chaitliceach Romhánach inniu leis an gceann a bhí ann i 1950 go mór fada. Labhair mé ar Mhandaríneáid ar ball. Is údar fáitís liom na mealltrachai móra plúchtach **tradition** — **tradition** marbh a lán dhe — a fheicim caite timpeall agus a mbíonn an-tóir againn fílle air, an chuid mharbh agus eile. Scríobh Dónall Ó Corcara roinn; leabharán ag míniú céard é Conra na Gaeilge, **What is this about the Gaelic League** agus mar sin. Ba **tradition** ann féin de chuid Chonra na Gaeilge agus níorbh é an **tradition** ba mheasa é dar ndóigh gurbh é Dónall Ó Corcara agus nach aon duine eile a scríobhfadh na leabharáin sin. Tá **tradition** den chineál céanna ag Cumann Lúthchleas Gael, nach mbeadh sé sonaí dhá mba aon duine eile ach Bryan Mac Mahon a scríobhfadh a gcuid tóstai faoin aer i gcomhair Pháirc an Chrócaigh. Níl a fhios again ar léigh na Conróirí cainí an Chorcairigh faoi Chonra na Gaeilge. Scéai cinnte nach é an mbeabhair cheart a bhain sad astu.

Sé príomhshaothar na bliana ag an gCorra anois O'rechtas na Gaeilge a bhíos ann smach sa bhFomhar. Eisteddíod na Breataine Bige ba mhúnta dó an chéad uair ariamh. As an mBreatain Bheag a tháinig an